

# Oiliúint do Bhord Bainistíochta na Scoile

Cláraigh ar ár suíomh: <https://www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/>

Pátrún Lán-Ghaeilge  
Do Scoileanna Lán-Ghaeilge



**20 DF 2022**  
**Déardaoin, 7in**

**An Polasaí Iontrála**

# Clár an chruinnithe

- Forléargas ar an Acht agus ar an bPróiseas
- An Polasaí Iontrála Féin
- Ranganna Speisialta
- Na Critéir Roghnúcháin
- Critéar na Gaeilge
- Teagmháil le scoileanna eile
- Liostaí Feithimh



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA

# An tAcht um Ligean isteach i Scoileanna


I bhfeidhm ó 2020



- Ní mór don bhord bainistíochta ('an bord') dul i gcomhairle leis an bpatrún, le tuismitheoirí na ndaltaí atá ar an scoil agus le baill foirne na scoile agus iad ag ullmhú an Dréachtpholasaí Iontrála.
- Ní mór faomhadh AFP a fháil ar aon athrú (seachas athrú ar líon na naíonán sóisearach a thógtar isteach).

# An Próiseas

## An Polasaí a Dhréachtú agus a Fhoilsiú



# An Próiseas Iontrála

- Ní mór don bhord Fógra Iontrála Bliantúil na scoile a ullmhú agus a fhoilsiú
- Ní mór don fhógra a bheith foilsithe 1 seachtain ar a laghad sular féidir leis an scoil glacadh le hiarratais iontrála.
- Ní féidir le scoileanna glacadh le hiarratais iontrála roimh 1 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bhfuil an t-iarrtas ar iontráil á dhéanamh lena haghaidh.
- Ní mór don fhógra a bheith foilsithe ar láithreán gréasáin na scoile agus fanacht ansin i rith na bliana scoile.
- Ní mór don fhógra a bheith ar fáil ar iarratas scríofa freisin.

Teimpléid ar fáil ar [www.foras.ie](http://www.foras.ie)



# An Próiseas Iontrála ar lean

- **Glacann an scoil le hiarratais iontrála**


Ní mór do scoileanna glacadh le hiarratais iontrála faoi réir na ndátaí atá leagtha amach ina bhFógra Iontrála Bliantúil.

- **Déanann an scoil cinntí ar iarratais iontrála**

Ní mór cinntí na scoile a chur in iúl don iarratasóir laistigh de 3 seachtaine ón dáta deiridh le haghaidh iarratas.

- Maidir le cinntí ar iarratais tar éis an dáta dhúnta, ní mór sin a chur in iúl don iarratasóir laistigh de 3 seachtaine tar éis dóibh an t-iarratas a fháil.
- Ní mór glacadh le tairiscint ar áit scoile laistigh den amfhráma atá leagtha amach san Fhógra. Ní mór don scoil sonraí a chur ar fáil d'iarratasóirí ar an tréimhse inár gá dóibh glacadh leis an tairiscint.
- Ní mór do scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu liosta feithimh a chur le chéile. Bailí ar feadh na bliana scoile sin amháin

## An Próiseas Iontrála



# An Polasaí Iontrála féin

- Éilíonn an t-Acht go mbeidh Ráiteas Iontrála i bPolasaí Iontrála gach scoile.
- Deirtear sa ráiteas nach ndéanfar idirdhealú ar aon bhonn acu seo a leanas:
  - Inscne
  - stádas sibhialta
  - stádas teaghlaigh
  - claonadh gnéis
  - creideamh
  - míchumas
  - cine
  - ball den lucht siúil
  - riachtanais speisialta oideachais



# Ranganna Speisialta

- Maidir le scoil a bhfuil rang speisialta aici do chatagóir riachtanais speisialta oideachais, ní mór ráiteas a chur isteach go mb'fhéidir go ndiúltóidh an scoil dalta a ligean isteach sa rang mura bhfuil an sainchatagóir riachtanais speisialta oideachais aige/aici

# Na Critéir Roghnúcháin

- Na critéir roghnaithe agus faofa ag AFP:
  - Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile.
  - Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.\*
  - Páistí a bhfuil deartháir, deirfiúr, leath-shiblín, siblín altramaigh nó uchtaithe acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin.
  - De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.
- Tá eolas cuimsitheach faoi na critéir atá ceadaithe sa cháipéis 'Ceisteanna Coitianta' ar an suíomh
- Ní féidir aon chritéar nach bhfuil sa pholasaí a úsáid chun chinneadh a dhéanamh maidir le dalta a ligean isteach.
- Ní mór an critéir maidir le haois a bheith ag bun an liosta

# Critéir a bhfuil cosc orthu

- Freastal ag dalta ar sheirbhís réamhscoile nó réamhscoile (naíonra)
- Ní féidir táillí a ghearradh
- Cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta
- Slí bheatha, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta (Níor cheart páistí ball foirne a bheith mar chritéar)
- Ceanglas go bhfreastalóidh dalta nó a thuismitheoirí, ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála
- An dáta agus an t-am a fuair an scoil iarratas iontrála

# Critéar na Gaeilge

- An féidir le freastal ar Naíonra a bheith mar chritéar?  
Níl cead anois tagairt, gan trácht ar thús áite a thabhairt, maidir le freastal ar Naíonra.
- De réir an Achta um Ligean Isteach i Scoileanna: Féadfar tús áite a thabhairt i gcás gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge
- Is é an Bord Bainistíochta a leagfaidh síos bunchaighdeán líofachta agus ní mór plé a dhéanamh ar conas is féidir leis an mBord leibhéal líofachta an pháiste a mheas agus aon chinneadh a dhéanann sé a chosaint i gcás achomhairc

# Le tabhairt san áireamh nuair atá leibhéal líofachta á mheas

- Táscairí a d'fhéadfadh scoil a úsáid:
- An bhfuil an dalta:
  - In ann a s(h)amhlaíocht féin a úsáid chun scéalta simplí a insint i nGaeilge?
  - In ann éisteacht le scéal gairid atá oiriúnach dá (h)aois agus ceisteanna a fhreagairt faoi?
  - In ann súgradh lena p(h)iaráí/tuismitheoir trí mheán na Gaeilge?
  - In ann caint faoi na rudaí lasmuigh den naíonra/scoil is speis leis/léi (spórt, damhsa, clann, caithimh aimsire, cluichí ríomhaire srl.)?
  - In ann caint faoi imeachtaí an lae/na seachtaine agus idirdhealú a dhéanamh idir na haimsirí (Cad a rinneamar, cad a dhéanaimid)?
  - In ann comhréir cheart na Gaeilge a léiriú (an féidir liom fáil mo chóta, sin mise's, srl)?

# Fianaise ar líofacht

- An fhreagracht ar an tuismitheoir (ní ar an scoil) fianaise leordhóthanach a sholáthar don scoil
- Cén sórt fianaise?
  - Cé go bhfuil sé luaite go sonrach nach féidir iachall a chur ar thuiste a p(h)áiste a bheith ar fáil le haghaidh comhrá leis an scoil (agallamh) is féidir é a mholadh i measc na gcineálacha fianaise atá inghlactha.
  - Físeán den pháiste agus é/í ag úsáid Gaeilge go nádúrtha i suíomh an bhaile. Ba chóir go mbeadh éagsúlacht comhthéacsanna ann (féach 1. thuas). Moltar físeán idir 10-15 nóiméad.
  - Físeán den pháiste ag úsáid Gaeilge le teaghlaigh eile nó piaraí i suíomh lasmuigh den bhaile mar shampla imeacht, Ghlór na Gael, Sheachtain na Gaeilge srl.
- Ní fianaise í litir ó naíonra, eagraíocht Ghaeilge srl. ar líofacht sa teanga.
- Má tá Riachtanais Speisialta ag an bpáiste, cuirfear ábaltacht an pháiste san áireamh sa chás sin.

# Fianaise Ar Lean

- **Agus iarratais á meas ag an mBord Bainistíochta,** ní ceadmhach ach an fhianaise atá curtha ag an tuiste faoina bhráid a chur san áireamh. Ní féidir le tuairimíocht, aithne ar an teaghlach srl. a bheith mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.
- **An féidir páistí a rangú de réir a leibhéal líofachta?**

**Ní féidir.** Sásóidh an páiste an leibhéal líofachta atá leagtha síos ag an mBord nó ní shásóidh. Sin an t-aon slat tomhais is féidir a úsáid.

**Má bhíonn níos mó páistí ar an leibhéal céanna de réir chritéar na Gaeilge ná áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir eile ina dhiaidh sin.**

# Fianaise Ar Lean

- **An leor í tuairim an Phríomhoide tar éis bualadh leis an bpáiste ar cheist na Gaeilge?**

Ní leor. Is fianaise don Bhord atá de dhíth agus an bord a dhéanfaidh an cinneadh. Beidh eolas sa bhreis sa cháipéis a bheidh ullmhaithe do scoileanna ar ball.

- **Molaimid do scoileanna beirt mhúinteoirí a chur i mbun na hoibre sin, seachas an Príomhoide.**



# Iarratais déanta le scoileanna eile

- **Conas is féidir le scoileanna a bpróiseas iontrála a bhainistiú sa chás go ndearna iarrthóirí iarratas ar níos mó ná scoil amháin?**
- Is féidir le scoileanna sonraí áirithe a roinnt. Más mian leis, féadfaidh bord liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile faoi dhaltáí-
  - An dáta a fuarthas iarratas
  - An dáta a rinneadh tairiscint
  - An dáta ar glacadh le tairiscint
  - Sonraí pearsanta aitheantais an dalta (lena chinntiú gurb é an duine céanna é atá ag déanamh iarratais ar an dá scoil)
- Is faoi na scoileanna lena mbaineann atá sé aontú agus socruithe a chur i bhfeidhm maidir le haon chomhroinnt faisnéise faoin acht.

# Liostaí Feithimh roimh 2020

- **Cad ba cheart a dhéanamh leis na liostaí feithimh uilig atá againn cheana féin do na blianta amach romhainn ?**

Tá treoir tugtha ag an ROS go seasfaidh aon ofráil áite (atá déanta i scríbhinn, ní ó bhéal) bunaithe ar liostaí feithimh suas go 2025.

Ní mór don ofráil a bheith déanta go foirmiúil i scríbhinn roimh an 1ú Feabhra 2020 agus ní mór glacadh foirmiúil i scríbhinn a fháil faoin dáta glactha atá luaite ar bheartas iontrála na scoile.

- **Mura bhfuil an ofráil déanta i scríbhinn, is gá don scoil scríobh chuig na tuismitheoirí ag cur in iúl an cur chuige nua atá sa Pholasaí Iontrála gur gá dóibh a leanúint chun iarratas a dhéanamh ar áit sa scoil mar gheall ar na hathruithe atá tugtha isteach leis an Acht um Ligean Isteach ar Scoileanna 2018.**

# Liostaí Feithimh Iar 2020

- Sa chás go bhfuil barraíocht iarrthóirí ag scoil in aon bhliain ar leith:

Tá uirthi liosta feithimh a chur le chéile de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratais ar an ngrúpa iontrála toisc go raibh ró-éileamh ar an scoil.

Caithfidh an scoil an liosta seo a úsáid chun aon fholúntais a thagann chun cinn le linn na scoilbhliana atá i gceist a líonadh.

# Tairiscint ar áit scoile a tharraingt siar

- Féadfaidh an scoil tairiscint ar áit i scoil a tharraingt siar ar na cúiseanna seo a leanas:
- Gan glacadh le háit laistigh den tréimhse atá leagtha amach i bhFógra Iontrála Bliantúil na scoile
- Má thugtar eolas bréagach nó míthreorach san fhoirm iarratais
- Mura ndeimhníonn tú, mar thuismitheoir / chaomhnóir dalta i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha agat agus go ndéanfaidh tú gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód.
- Murar chuir tú in iúl don scoil nuair a ghlac tú le tairiscint gur ghlac tú le tairiscint nó tairiscintí scoileanna eile agus sonraí ina leith sin a chur ar fail - nó mura gcuir tú an scoil ar an eolas go ndearna tú iarratas ar scoil/scoileanna eile agus go bhfuil tú ag fanacht ar dheimhniú faoi áit

# Go raibh maith agaibh

Faigh sleamhnáin & taifead ón seisiún inniu ag:

[www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/](http://www.foras.ie/oiliuint-do-phriomhoidi/)



AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA